



As lámha a chéile...

Treoir ghinearálta don fhoireann
inbhainistíochta scoile



AN FORAS
PÁTRÚNACHTA

Réasúnaíocht

Bíonn ardchaighdeán ceannaireachta ríthábhachtach chun cuspóir agus fíis a aontú do phobal scoile le go gcuirfear eispéiris oideachais den chéad scoth ar fáil do na daltaí uile sa scoil. Bíonn sé mar chuspóir ag foireann ceannaireachta scoile timpeallacht a chruthú a thacaíonn le forbairt iomlánaíoch na ndaltaí.

I gcomhthéacs na scoile, cruthaíonn ceannaireacht éifeachtach **fíis don forbairt** a bhunaítear ar **luachanna comhroinnte**. Scaiptear an cheannaireacht ar bhonn scoile agus cinntítear rannpháirtíocht ó na páirtithe leasmhara uile sa phobal scoile.

Bíonn córas ceannaireachta de dhíth a fhreagraíonn de riachtanais agus de tosaíochtaí aitheanta na scoile ar bhealach structúrtha agus inmharthana a leagann béim ar dhualgais chomhroinnte agus ar **acmhainn cheannaireachta a forbairt** i measc na foirne.


Gné fíor-thábhachtach de cheannaireacht rathúil scoile ná **solúbacht** ó thaobh riachtanais nua na scoile a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh agus sealbhóirí poist a shannadh agus a athshannadh le dualgais shonracha le freastal cuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais fhorbartha na scoile.

Creat Ceannaireachta

Sa cháipéis [Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022](#),

aithnítear na príomhréimsí ceannaireachta mar seo thíos:

- Ceannaireacht ar Fhoghlaim agus ar Theagasc
- An Eagraíocht a Bhainistiú
- Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile
- Acmhainn na Ceannaireachta a Fhorbairt.



Rangaítear an t-ábhar idir dhá ghné: teagasc & foghlaim agus ceannaireacht & bainistíocht. Tugann an creat ceannaireachta cur síos ar chaighdeáin agus ar dhea-chleachtais maidir le ceannaireacht agus bainistíocht ar bhonn scoile agus is féidir le scoileanna leas a bhaint as chun tosaíochtaí agus riachtanais scoile a aithint agus chun **Plean Feabhsúcháin Scoile** a fhorbairt. Féadfaidh na caighdeáin agus ráitis ar chleachtas faoi theagasc & foghlaim a úsáid mar chuid den **Fhéinmheastóireacht Scoile**. Tá an t-eolas maidir Féinmheastóireacht Scoile 2022-26 ar fáil ag an nasc [seo](#).

Foireann Inbhainistíochta a Earcú

Faightear eolas faoin leathdháileadh post mar Phríomhoide Cúnta i [gCiorclán 0043/2022](#). Leagtar amach ansin líon na bpost a cheadaítear don scoil ó 01 Meán Fómhair 2022.

Tugtar treoir chuimsitheach maidir le cur chuige don earcaíocht i [gCiorclán 0044/2019](#). Faightear eolas mar gheall ar na nithe seo thíos sa chiorclán:

- Próiseas Earcaíochta
- Poist Ghníomhacha
- Tosaíochtaí Ceannaireachta a Aithint
- Creat Ceannaireachta
- Liúntais do phoist fhreagrachta
- Nós Imeachta Achomhairc



Is gá go mbeidh an t-agallóir neamhspleách do phoist cheannaireachta sa scoil faomhaithe ag an bpátrún agus an INTO. Tá cáipéisíocht shamplach ar fáil ag an nasc [seo](#).

Freagrachtaí á Sannadh

Ritheann freagrachtaí na bpost le tosaíochtaí agus riachtanais aitheanta na scoile agus ba chóir fíis chomhroinnte a aontú i measc na foirne inbhainistíochta. Beidh dlúthbhaint ag na freagrachtaí le féinmheastóireacht scoile agus leis an bPlean Feabhsúcháin Scoile.

Samplaí dea-chleachtais:

- Ba chóir cruinniú a reachtáil le baill foirne chun cuspóirí ábhartha a leagadh amach don ról.
- Athbhreithniú rialta ar na freagrachtaí ag rith le tosaíochta reatha na scoile (gach ré bliain ar a laghad).
- Féadfaidh plean gnímh a aontú leis an bhfoireann do thréimhsí áirithe.

Cáipéisíocht Scoile

De réir Ciorclán 0044/2019, moltar do scoileanna an cháipéisíocht seo a bheith acu maidir le poist cheannaireachta sa scoil:


- [Ráiteas maidir le Róil agus Freagrachtaí](#) do gach sealbhóir poist (*Féach Aguisín 1*)
- Tuarascáil bhliantúil na sealbhóirí le tagairt do na freagrachtaí a aontaíodh

Athbhreithniú ar Fhreagrachtaí

- Is cóir athbhreithniú rialta a dhéanamh ar shannadh ról agus freagrachtaí, **gach ré bliain ar a laghad**.
- Ba chóir na nithe seo thíos a chuimsiú mar chuid den athbhreithniú sin:
 - Athbhreithniú ar an ról i bhfianaise riachtanais na scoile agus na riachtanais sin ag athrú;
 - Athbhreithniú ar fhorbairt ghairmiúil shealbhóir an phoist;
 - Athbhreithniú ar dhul chun cinn sna reimsí freagrachta don phost.
- Is féidir leas a bhaint as an gcreatlach [Tuairisc mar Bhonn Eolais don Athbhreithniú](#) chuige seo.


Dea-chleachtais le foireann inbhainistíochta

Tá dea-chaidreamh idir baill na foirne inbhainistíochta mar chúl taca den fhorbairt éifeachtach scoile. Bíonn sé fíor-éifeachtach nuair a bhíonn ról agus freagrachtaí soiléire agus aontaithe le comhlíonadh ag na baill uile agus nuair a chuirtear béim ar obair i gcomhpháirt.



- Cumarsáid bhríoch i measc na foirne
- Machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus tosaíochtaí scoile
- Fís a aontú & fís cheannaireachta a roinnt
- Plé maidir leis na freagrachtaí a éascú *Féach [Freagrachtaí gur féidir a tharmligean](#)*
- Buanna na sealbhóirí a thabhairt san áireamh agus freagrachtaí á sannadh
- Comh-fhreagrachtaí agus freagrachtaí uathúla a shannadh
- Cruinnithe rialta a eagrú leis na sealbhóirí
- Clár agus spriocanna cinnte a bheith ann do na cruinnithe *Féach [Taifead ar Chruinnithe Inbhainistíochta](#)*
- Acmhainn cheannaireachta na sealbhóirí a fhorbairt
- Comhoibriú do chruinnithe foirne – clár a aontú, míreanna a chur faoi bhráid na foirne – agus d'ócáidí scoile
- Deiseanna ceannaireachta a chur ar fáil do na sealbhóirí – cruinniú foirne a ghlacadh, freagracht a ghlacadh as tionscnaimh éagsúla scoile, ceannaireacht a léiriú i rith na bliana
- Plean gnímh a aontú chun cuspóirí sonracha a bhaint amach.

ACMHAINNÍ SAMPLACHA



1. Foirm Iarratais do phoist mar PCI & PCII
2. Teimpléad de Ráiteas maidir le Róil agus Freagrachtaí
3. Tuairisc mar Bhonn Eolais don Athbhreithniú
4. Freagrachtaí samplacha – Leas-Phríomhoide
5. Freagrachtaí samplacha – Príomhoide Cúnta
6. Róil agus freagrachtaí gur féidir a thairmligean
7. Taifead ar chruinnithe na foirne inbhainistíochta
8. Tacaíochtaí Scoile

1. Foirm Iarratais do phost mar PCI nó PCII

| | |
|----------------|--|
| Ainm na Scoile | |
| Post fógartha | |

| SONRAÍ PEARSANTA | |
|----------------------------|--|
| Ainm an Iarratasóra | |
| Seoladh | |
| Seoladh Ríomhphoist | |
| Uimhir Fóin Póca | |

| CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA | | | |
|---------------------|--|---------------|--|
| Cáilíocht | Ollscoil, Coláiste nó Institiúid Dámhachtana | Fad an Chúrsa | Torthaí deiridh faighte (<i>L/M.B</i>) |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| TAITHÍ MHÚINTEOIREACHTA <i>an taithí is deireanaí ar dtús</i> | | | |
|--|--------------------------|------|------------|
| Ainm na Scoile | Dátaí seirbhíse sa scoil | Post | Rang(anna) |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**CEANNAIREACTH AGUS BAINISTÍOCHT – POIST FHREAGRACHTA A COINNÍODH
an taithí is deireanaí ar dtús**

| Ainm na Scoile | Post | Dualgais | Dátaí |
|----------------|------|----------|-------|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

CÁILÍOCHTAÍ BREISE m.sh. TFC, Oideachas Speisialta, &rl.

| Coláiste | Cáilíocht | Modúil a rinneadh | Dátaí |
|----------|-----------|-------------------|-------|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

FORBAIRT GHAIRMIÚIL ÁBHARTHA

| Soláthraí an Chúrsa | Modúil a rinneadh | Dátaí |
|---------------------|-------------------|-------|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

RÉIMSÍ SAINSPÉISE

| Réimse | Saineolas & taithí |
|--------|--------------------|
| | |
| | |
| | |
| | |

CREAT OIBRE CEANNAIREACHTA AGUS BAINISTÍOCHTA

Sa cháipéis [*Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022*](#), leagtar amach creat cáilíochta do na príomhréimsí ceannaireachta agus bainistíochta i scoil agus déantar fobairt ar na cáilíochtaí sin sna caighdeáin a luaitear le gach réimse.

Is iad na reimsí a shainiúitear ná:

- Ceannaireacht ar Fhoghlaim agus ar Theagasc
- An Eagraíocht a Bhainistiú
- Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile
- Acmhainn na Ceannaireachta a Fhorbairt.

Sa chéad chuid eile den iarratas, iarrtar ort achoimre a thabhairt ar do thaithí agus gaiscí pearsanta faoi na réimsí éagsúla ag úsáid samplaí a léiríonn na scileanna agus na caighdeáin don phost mar Phríomhoide Cúnta.

RÉIMSE 1: CEANNAIREACTH AR FHÓGLAIM AGUS AR THEAGASC

RÉIMSE 2: AN EAGRAÍOCHT A BHAINISTIÚ

RÉIMSE 3: CEANNAIREACTH AR FHORBAIRT NA SCOILE

RÉIMSE 4: ACMHAINN NA CEANNAIREACTHA A FHORBAIRT

Síniú: _____ Dáta: _____

2. RÁITEAS MAIDIR LE RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

| | |
|--------------------|--|
| Ainm an Mhúinteora | |
| Leibhéal an phoist | |

Tá structúr na bpost freagrachta i scoileanna bunaithe ar shamhail ceannaireachta scaipthe le freagrachtaí sainmhínithe agus roinnte mar is cuí. Faoi réir údarás foriomlán an Bhoird Bainistíochta, tá an sealbhóir poist freagrach as comhlíonadh a róil do phríomhoide na scoile.

Róil, Freagrachtaí & Cuspóirí:

| |
|---|
| Teagasc & foghlaim a threorú |
| |
| An eagraíocht a bhainistiú |
| |
| Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile |
| |
| Acmhainn ceannaireachta a fhorbairt |
| |

| | | | |
|-----------------------------|--|------------------------|--|
| Sínithe | | | |
| | | | |
| <i>Príomhoide na scoile</i> | | <i>Sealbhóir poist</i> | |
| Dáta | | Dáta | |

3. TUAIRISC MAR BHONN EOLAIS DON ATHBHREITHNIÚ

| | |
|--------------------|--|
| Ainm an Mhúinteora | |
| Leibhéal an phoist | |

Breac-chuntas ar na ról, na freagrachtaí & na cuspóirí a chomhlíonadh don tréimhse:

Athbhreithniú ar an ról i bhfianaise riachtanais na scoile & na riachtanais sin ag athrú:

Forbairt ghairmiúil shealbhóir an phoist:

Dul chun cinn sna réimsí freagrachta comhaontaithe:

| | |
|-----------------------------|------------------------|
| Dáta an Athbhreithnithe | |
| Sínithe | |
| | |
| <i>Príomhoide na scoile</i> | <i>Sealbhóir poist</i> |

4. FREAGRACHTAÍ SAMPLACHA: LEAS-PHRÍOMHOIDE

Leas-phríomhoide

An eagraíocht a bhainistiú

- Cúraimí an Phríomhoide a ghlacadh i gcás as láithreachta
- Freagracht a ghlacadh as an Ráiteas Sábháilteachta na Scoile
 - Athbhreithniú ar an ráiteas
 - Taifead cruinn ar chleachtais scoile a choinneáil
 - Seicliostaí scoile a eagrú
 - Druileanna Aslonnaithe
 - Forbairt ghairmiúil a eagrú maidir le Sláinte & Sábháilteacht
 - Feidhmiú mar Ionadaí Sabháilteachta na foirne
 - Córas tuairiscithe do thimpistí a bhainistiú
- Tinreamh scoile a thaifead go cruinn agus tuairisciú don Bhord Bainistíochta agus do Thusla ina leith
- Cleachtais Chaomhnú Páistí sa scoil a bhainistiú agus feidhmiú mar leas-DIA (Duine Idirchaidrimh Ainmnithe)
- Feidhmiú mar bhall den Fhoireann Theagmhais Chriticiúil

Teagasc & foghlaim a threorú

- Tacú le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair ar fud na scoile
- Cabhrú i gcás as láithreachta foirne
- Freagracht a ghlacadh ar fhearas scoile: riachtanais a aithint, ordú, agus cúram

Ceannaireacht ar forbairt na scoile

- Tabhairt faoi mheasúnú agus athbhreithniú ar an bPlean Scoile mar chuid den fhoireann inbhainistíochta
- Féinmheastóireacht Scoile a threorú agus a eagrú
- Pacáistí eolais do thuismitheoirí a chur ar fáil

Ceannaireacht ar forbairt na scoile

- Tacú leis an bhfoireann inbhainistíochta chun sainmheon dearfach foghlamtha a chur chun cinn ar fud na scoile
- Comhoibriú le riarachán do chruinnithe foirne, do laethanta pleanála, do thuairiscí scoile, d'fhéilire na bliana agus d'ócáidí scoile
- Freastal ar chruinnithe rialta leis an bhfoireann inbhainistíochta lasmuigh d'amanna scoile

5. FREAGRACHTAÍ SAMPLACHA: PRÍOMHOIDE CÚNTA

An Eagraíocht a bhainistiú

- Féitheoireacht chlóis a eagrú agus a bhainistiú
- Córas scoile d'ionadaithe a eagrú agus a bhainistiú
- Pácaíste eolais a eagrú do bhall nua foirne agus do mhic léinn ar thaithí oibre
- Cabhrú i gcás as láithreachta foirne

Foghlaim & teagasc a threorú

- Freagracht a ghlacadh as an bPlean Scoile don Ghaeilge
 - Athbhreithniú ar an bPlean Scoile don Ghaeilge
 - Riaradh ar acmhainní breise don Ghaeilge
 - Tosaíochtaí scoile i leith na Gaeilge a imscrúdú agus cur le plan forbartha na Gaeilge sa scoil
 - Forbairt ghairmiúil a eagrú chun tacú leis na tosaíochtaí scoile i leith na Gaeilge
- Leabharliostaí ranga a eagrú & bainistíocht a dhéanamh ar scéim cíosa leabhair na scoile
- Tacú le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair ar fud na scoile
- Comheagar a dhéanamh ar chomórtais/thionscnaimh scoile – eolas a scaipeadh agus riarachán d'iontrálacha srl. a dhéanamh
- Comheagar do na sacraimintí scoile

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

- Tabhairt faoi mheasúnú agus athbhreithniú ar an bPlean Scoile mar chuid den fhoireann inbhainistíochta
- Tacú leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile
- Poiblíocht don scoil a eagrú – meáin áitiúla agus meáin shóisialta
- Freagracht a ghlacadh ar theicneolaíocht sa scoil:
 - plan ríomhfhoghlaim na scoile a bhainistiú
 - trealamh teicneolaíochta na scoile a bhainistiú
 - suíomh idirlín na scoile a uasdátú
 - forbairt ghairmiúil don TFC a eagrú nuair is gá.

Acmhainn ceannaireachta a fhorbairt

- Bainistíocht ar an seomra foirne: eolas, taispeántais, acmhainní do mhúinteoirí a eagrú
- Comhoibriú le heagrúchán do chruinnithe foirne, do laethanta pleanála agus d'ócáidí scoile
- Freastal ar chruinnithe rialta leis an bhfoireann inbhainistíochta lasmuigh d'amanna scoile (gach coicíós)
- Tacú leis an bhfoireann inbhainistíochta chun sainmheon dearfach foghlamtha a chur chun cinn ar fud na scoile

6. RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ GUR FÉIDIR A THARMLIGEAN

Ceannaireacht ar Fhoghlaim & ar Theagasc

- Comheagar i gcás as láithreachta múinteora
- Comheagar ar an leabharlann scoile/ranga
- Comheagar ar chomórtais scoile
- Comheagar ar leabharliostaí
- Freagracht as Ócáidí Scoile – Seachtain Ghníomhach, Seó na Nollag, Seachtain na Gaeilge, Aonach an tSamhraidh, srl.
- Idirghabháil le heagrais áitiúla – Tidy Towns, grúpaí spóirt, leabharlann aitiúil, paróiste, srl.
- Comheagar ar Gharchabhair sa scoil
- Bainistíocht ar fhearas scoile – tosaíochtaí, ordú, eagrú agus cúram na n-acmhainní
- Comheagar ar shocruithe cíosa na scoile i gcomhar leis an mBB
- Taifid tinrimh, rollaí, idirghabhail le TESS
- Comheagar do na turais scoile
- Comheagar do na Sacraimintí i gcomhar le múinteoirí, tuismitheoirí agus an paróiste (más cú)
- Tionólacha scoile a eagrú
- Comhordú ar chuartheanna agus ar chuartheoirí scoile

An Eagraíocht a Bhainistiú

- Leas Duine Idirchaidreamh Ainmnithe
- Féitheoireacht maidine agus iarnóna
- Féitheoireacht chlóis a eagrú
- Bainistíocht ar chóras tuairiscithe do thimpistí
- Taifid scoile
- Ionadaí Sábháilteachta na Foirne – comhoibriú leis an bPO agus an BB maidir le S & S, bainistíocht ar an ráiteas sábháilteachta, seicliostaí S & S a eagrú, iniúchadh S & S, druileanna aslonnaithe a eagrú, forbairt ghairmiúil chuí a eagrú
- Troscán a eagrú do na ranganna gach bliain
- Comheagar ar an Nuachtlitir Scoile
- Pacáistí eolais a eagrú do thuismitheoirí nua

Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile

- Socruithe do chruinnithe le tuismitheoirí nua/cruinnithe clárúcháin
- Comheagar ar an gcóras *Droichead* sa scoil
- Féinmheastóireacht Scoile a threorú agus a bhainistiú
- Tabhairt faoi mheasúnú agus athbhreithniú ar an bPlean Scoile mar chuid den fhoireann inbhainistíochta
- Poiblíocht scoile agus idirghabháil leis na meáin áitiúla
- Freagracht as ábhar curaclaim – acmhainní, polasaí, forbairt ghairmiúil. tograí scoile
- Bainistíocht ar theicneolaíocht sa scoil – plean ríomhfhoghlaim na scoile, fearas teicneolaíochta, forbairt ghairmiúil, suíomh idirlín na scoile
- Comhordú ar Oideachas Speisialta sa scoil – idirghabháil le múinteoirí, tuismitheoirí, CRS agus forais sheachtracha
- Bainistíocht ar scéim cíosa na scoile – riachtanais a aithint, leabhair a ordú, cúram na leabhar, dáileadh na leabhar

Acmhainn na Ceannaireachta a fhorbairt

- Forbairt ghairmiúil chuí a eagrú don fhoireann
- Freagracht as tograí scoile – Aonach na Leabhar, Coiste Glas, Feilire Scoile, srl.
- Córas scoile d'ionadaithe a eagrú agus a bhainistiú
- Comheagar ar choistí eagsúla scoile
- Comheagar ar imeachtaí carthanachta sa scoil – laethanta gan éide scoile, srl.
- Tacaíocht do bhall nua foirne
- Pacáiste eolais do dhaltaí ar thaithí oibre
- Freagracht as Comhairle na nDaltaí
- Bainistíocht ar an seomra foirne – taispeántais, eolas a scaipeadh, sóláistí, srl.

Comhfhreagrachtaí

- Comhoibriú le riarachán do chruinnithe foirne, do laethanta pleanála, do thuairiscí scoile, d'fhéilire na bliana agus d'ócáidí scoile
- Freastal ar chruinnithe rialta leis an bhfoireann inbhainistíochta lasmuigh d'amanna scoile
- Tacú leis an bhfoireann inbhainistíochta chun sainmheon dearfach foghlamtha a chur chun cinn ar fud na scoile
- Tacú le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair ar fud na scoile
- Cabhrú i gcás as láithreachta foirne

7. TAIFEAD AR CHRUINNITHE INBHAINISTÍOCHTA

| | |
|---------------------|--|
| Dáta an Chruinnithe | |
| I láthair | |

| Ábhar le Plé | Freagracht |
|------------------------|------------|
| | |
| Molta tagtha chun cinn | Freagracht |
| | |
| Gnímh le glacadh | Freagracht |
| | |

8. TACAÍOCHTAÍ SCOILE

PDST

<https://pdst.ie/primary/leadership>

Réimse tacaíochta ar fáil i rith na scoilbhliana

- Misneach – do phríomhoidí nua-cheapaithe
- Tánaiste – do leasphríomhoidí
- Forbairt – don fhoireann bainistíochta
- Comhar – do phríomhoidí cúnta
- Seimineáir faoi Fhéinmheastóireacht Scoile agus Curaclam Teanga na Bunscoile
- Tacaíocht Scoile

CSL – Lárionad Ceannaireachta Scoile

<https://www.cslireland.ie/>

- Meantóireacht – scéim thacaíochta do phríomhoidí nua-cheapaithe
- Cóitseáil – 6 sheisiúin leis an bpríomhoide agus 4 sheisiúin leis an bhfoireann inbhainistíochta ar fáil saor in aisce
- Dioplóma sa Cheannaireacht Scoile

Eile

An Chomhairle Mhúinteoireachta

<https://www.teachingcouncil.ie/en/research-croi-/using-research-in-our-school/leadership/>

IPPN

<https://www.ippn.ie/>

Tacaíocht leanúnach do bhainistíocht scoile ar ábhair reatha

INTO

Eagraíonn INTO seimineáir fhiúntacha do phríomhoidí agus do cheannairí scoile.

Tuilleadh sonraí maidir le seimineáir 2022-23 le fáil ag an nasc [anseo](#)

Leagan Word den Treoirleabhar

Íoslódáil an leagan word ag an nasc seo: <http://www.foras.ie/wp-content/uploads/2022/09/As-lamha-a-cheile-TREOIRLEABHAR-1.docx>

As lámha a chéile...

Treoir ghinearálta don fhoireann
inbhainistíochta scoile



AN FORAS
PÁTRÚNACHTA



www.foras.ie



[@anforaspatrunachta](https://www.facebook.com/anforaspatrunachta)



[@AFPatrunachta](https://twitter.com/AFPatrunachta)



[@foraspatrunachta](https://www.instagram.com/foraspatrunachta)